Coimisiún na Meán

# Oifigeach Cléireachais

## Grád Oifigigh Cléireachais
## An Fhoireann Maoirseachta - An Rannóg Maoirseachta & Imscrúduithe Ardáin

## Pacáiste Eolais don Iarratasóir




AIBREÁN 2026

A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról an Oifigigh Chléireachais

Agus tú ag obair ag Coimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa sna meáin a chruthú, tírdhreach a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialú, a fhorbairt agus tacú leis. Cuideoidh tú seasamh le cearta bunúsacha gach duine agus a chinntiú go leanfaimid orainn ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 300 inár gcéad trí bliana. Tagann ár ndaoine ó réimse leathan cúlraí: na hearnálacha ar líne agus meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugann muid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta do lucht oibre a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí a bhfreastalaímid uirthi.

Tá ríméad orainn a bheith ag earcú do ról mar Oifigeach Cléireachais. Cuideoidh an ról seo leis an straitéis a ghlacamar níos luaithe i mbliana a sheachadadh. Cuirfidh sé lenár spriocanna a chinntiú go ndéanfaidh tírdhreach na meán an méid seo a leanas:

- go seasann sé le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- go dtacaíonn sé leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- is ceann é ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chaimiléireacht.
- go léiríonn agus go múnlaíonn sé cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí
- go gcuireann sé luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe chun cinn
- go neartaíonn sé sláinte agus sábháilteacht an phobail

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus go dtugann sé deis duit fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus tú a spreagadh chun iarratas a dhéanamh.

**Is mise, le meas,**
**Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

# Ár bhFís agus ár Misean

Is í an fhís atá againn tírdhreach rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa sna meáin.

Déanaimid tírdhreach meán atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha a rialú, a fhorbairt agus tacú leis agus cothaímid sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

## Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha




## Ár gCuid Luachanna



# Maidir leis an Ról seo

## Cuspóir an Róil

Cuireann ról an Oifigigh Chléireachais tacaíocht riachtanach oibríochtúil, riaracháin agus rúnaíochta ar fáil ar fud an Choimisiúin. Áirítear leis an ról tacú le tionscadail a bhfuil freagrachtaí buiséadacha agus páirtithe leasmhara orthu agus seirbhís ardchaighdeáin, thráthúil agus ghairmiúil a sholáthar ag an am céanna. Cé go bhfuil gnáthchúraimí lárnach sa ról, tá gá le solúbthacht chun freagairt do riachtanais eagraíochtúla atá ag teacht chun cinn. Tacaíonn Oifigigh Chléireachais freisin le bainistiú sonraí, comhad agus eolais.

## Maidir leis an Rannóg

Is é príomhfheidhm na rannóige Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha in Éirinn agus an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha (“ASD”), Rialachán Ábhair Sceimhlitheoireachta Ar Líne agus Cód Sábháilteachta na hÉireann Ar Líne a fhorfheidhmiú. Tá ceithre fhoireann Mhaoirseachta ann, foireann Imscrúduithe agus foireann Oibríochtaí Rialála a chabhraíonn le straitéis rialála a chinneadh. Suíonn an fhoireann Gearán Úsáideora sa rannóg seo freisin agus tá sí freagrach as gearáin a fháil i gcoinne soláthraithe seirbhíse as sáruithe líomhnaithe ar an ASD.

Is é misean na rannóige Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin seirbhísí agus oibríochtaí na n-eagraíochtaí a rialaíonn Coimisiún na Meán a thuiscint, agus eintitis rialáilte a choinneáil chun cuntais. Áirítear leis seo monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí rialála, saincheisteanna a réiteach go deonach nuair is cuí, gearáin úsáideoirí a láimhseáil agus gníomh foirmiúil comhlíonta a dhéanamh nuair is gá.

## Príomhfhreagrachtaí

Is príomhról tacaíochta é ról an Oifigigh Chléireachais a chuireann tacaíocht oibríochtúil agus riaracháin ar fáil ar fud na heagraíochta. Mar Oifigeach Cléireachais, áireofar ar do chuid freagrachtaí:

- Cúnamh riaracháin ginearálta a chur ar fáil don fhoireann a gceaptar thú chuici, lena n-áirítear comhfhreagras a ullmhú agus cuidiú le doiciméid a eagrú, a chomhdú agus a thaifeadadh
- Cabhrú le gníomhaíochtaí oibre oibríochtúla a chur chun feidhme, tacú le bainisteoirí agus le comhghleacaithe eile;
- Socruithe taistil a eagrú do bhaill foirne;
- Sonraí/faisnéis a thiomsú le haghaidh tuairiscithe, agus scríobh tuairiscí
- Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil, freagra a thabhairt ar cheisteanna agus faisnéis a chur ar fáil
- Ceisteanna ón bpobal a phróiseáil agus a láimhseáil
- Bainistiú sonraí agus comhad, i gcomhréir le beartais agus ceanglais an Choimisiúin
- Cruinnithe a eagrú agus miontuairiscí cruinnithe a ghlacadh

ginearálta dualgas agus níl sé beartaithe



Coimisiún na Meán

# Eolas fút féin

## Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

**Critéir Riachtanacha**

- Taithí ábhartha cléireachais/riaracháin/seirbhíse do chustaiméirí;
- Scileanna láidre idirphearsanta agus cumas oibriú as a stuaim féin
;- Aird den scoth ar mhionsonraí;
- Scileanna láidre Microsoft Office;
- Tiomantas d'obair ardchaighdeáin a sholáthar;
- Toilteanas chun foghlaim agus chun scileanna, eolas agus saineolas a fhorbairt;
- Cumas oibriú go héifeachtach laistigh de thimpeallacht foirne.

**Critéir Inmhianaithe**

- Taithí in earnáil phoiblí na hÉireann, go háirithe i dtimpeallacht rialála;
- Líofacht sa Ghaeilge nó eolas oibre ar an nGaeilge.

# Príomheolas

## Sochair, Pacáiste & Pá

- Tairgtear an post seo ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 22 lá sa bhliain
- Beidh an ról seo ina ról hibrideach a chomhcheanglaíonn obair ón mbaile agus ón oifig. Faoi láthair, de réir ár mbeartais hibrideach, bíonn 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag 1 Áras Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Chun liosta iomlán sochar a fháil féach ar ár láithreán gréasáinanseo
- Tá an post seo grádaithe ag scála an Oifigigh Chléireachais.
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

# An Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir isteach le do thoil:

- CV (uasmhéid 2 leathanach) agus litir Chumhdaigh/ráiteas pearsanta (uasmhéid 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do chuid scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist agus **é a chur** **ANSEO**
- Tá ceapachán chuig an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post iarrthóirí chun cónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Dícháileofar iarrthóirí a dhéanann canbhásáil agus fágfar amach ón bpróiseas iad.

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha ná iarratais nach bhfaightear tríd an gcainéal ceart, mar a léirítear thuas.

Maidir le fiosruithe a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin don ról seo, déan teagmháil le cnam@sigmar.ie

Déan athbhreithniú ar ár Ráiteas Príobháideachais Ráiteas Príobháideachais - Coimisiún na Meán sula ndéanfaidh tú iarratas.

# Inniúlachtaí

Féach na hinniúlachtaí thíos a dhéanfar a mheasúnú ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil ar na hinniúlachtaí tabhair cuairt ar ár gceisteanna coitianta.

- Obair Foirne
- Bainistíocht / Próiseáil Faisnéise
- Torthaí a Sheachadadh
- Scileanna Seirbhíse agus Cumarsáide do Chustaiméirí
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt
- Tiomantas & Díograis do Luachanna Seirbhíse Poiblí

# Próiseas Roghnúcháin

I measc an phróisis roghnúcháin beidh:

Gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ina n-iarratas, measúnaithe i gcoinne na gcritéar sonraithe don ról. Tabharfar cuireadh d’iarrthóirí ar an ngearrliosta chuig agallamh bunaithe ar inniúlachtaí a reáchtálfar go pearsanta inár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

## Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh déan teagmháil le amckiernan@cnam.ie

AccommodationsIs fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta do lucht saothair uilechuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina mbíonn rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mothaíonn siad compordach a bheith mar iad féin san obair.

**Dáta Deiridh: 3i.n. 21 Aibreán**

Proud to be inclusive
MEMBER
Open Doors
Creating Work Opportunities For All

Investors in Diversity
SILVER




External Restricted